Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**6987/21**

**SOC 145**
**EMPL 103**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Iodáil |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Iodáil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas[1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

Ag féachaint do liosta na n-iarrthóirí a chuir Rialtas na hIodáile faoi bhráid na Comhairle,

---

1 IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Lena Cinneadh an 21 Meán Fómhair 2020[1], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2020 go dtí an 24 Meán Fómhair 2022.

(2) Tá ainmniúcháin tíolactha ag Rialtas na hIodáile i dtaca le roinnt post atá le líonadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 5)

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse dar críoch an 24 Meán Fómhair 2022:

I. IONADAITHE RIALTAIS

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Iodáil | Maria Concetta CORINTO<br>Marco Maria Carlo COVIELLO | Carmen FERRAJOLO |

II. IONADAITHE CEARDCHUMAINN

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Iodáil | Ilaria Arianna FONTANIN<br>Emanuele GALOSSI | Antonella PIRASTU |

III. IONADAITHE COMHLACHAIS FOSTÓIRÍ

| Tír | Comhaltaí | Comhaltaí malartacha |
|---|---|---|
| An Iodáil | Paola ASTORRI<br>Fabio ANTONILLI | Roberta DIONISI |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós ar dháta is déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*